Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí
Junior Cycle Final Examination
Gaeilge T2
Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Triail éisteachta shamplach D

Ceist 1: Cainteoir

Dia dhaoibh. Seán ó Sé anseo. Tá mé i mo chónaí gar do Chathair Saidhbhín i gContae Chiarraí. Táim i mo chónaí i dteach leathscoite in eastát tithíochta ciúin. Is aoibhinn liom an teach seo, go háirithe na seomraí ar chúl an tí mar tá radharc álainn uathu ar an bhfarraige. Tá an t-ádh linn nach bhfuil aon tithe ar an taobh sin.

Tá deirfiúr amháin agus deartháir amháin agam, Emma agus Conchúr. Is í Emma an siblín is sine. Tá sí ocht mbliana déag d'aois agus tá sí sa séú bliain ar scoil. Is é Conchúr an siblín is óige. Tá sé sa chéad bhliain. Is teaghlach spórtúil muid. Ba bhreá liom páirt a ghlacadh sa chlár teilifíse *Ireland's Fittest Family* lá éigin.

Ceist 2: Píosa nuachta

Comhghairdeas le foireann shinsearach Choláiste an tSeandroichid a bhuaigh Craobh Laighean na Scoileanna sa Rugbaí inné. Bhuaigh siad a sé déag in aghaidh a dó dhéag ar Choláiste Chaisleán na Carraige i gcluiche corraitheach i Staid RDS inné.

Bronnadh Corn Laighean chomh maith le 'laoch na himeartha' ar chaptaen na foirne, Seán Ó Mórdha, tar éis an chluiche. Ag labhairt linn tar éis an chluiche, dúirt Seán Ó Mórdha go raibh áthas an domhain orthu. Ghabh sé buíochas le bainisteoir na foirne, lena chomhimreoirí, leis an bhfoireann cóitseála agus leis na hurraitheoirí. Dúirt sé gur oibrigh siad go han-chrua chun an chraobh a bhuachan agus freisin gur bhreá leis imirt ar fhoireann na hÉireann lá éigin.

Ceist 3: Comhrá

Rónán: A Dheirdre! Conas atá tú? Céard atá agat sa chás mór dubh sin? Tá sé ollmhór!

Deirdre: Haigh, a Rónáin! Sin tiúba, an gcreidfeá. Thosaigh mé ag seinm an tiúba anuraidh!

Rónán: I ndáiríre? Ach cén fáth a bhfuil sé agat ar scoil?

Deirdre: Bhuel, thosaigh mé ag seinm i gceolfhoireann na scoile an tseachtain seo caite. Bímid ag cleachtadh gach Déardaoin. An tUasal Ó Scolaí atá á stiúradh.

Rónán: Agus an mbeidh sibh ag glacadh páirt i seó ceoil nó i gcomórtas?

Deirdre: Beidh! Chuireamar isteach ar chomórtas náisiúnta ceoil. Waltons Music for Schools Competition an t-ainm atá air. Táim ag tnúth go mór leis.

Rónán: Tá sé sin go hiontach. Cathain a bheidh sé ar siúl?

Deirdre: Beidh sé ar siúl roimh dheireadh na bliana. Beidh scoileanna ó gach cearn den tír ag glacadh páirt ann.

Rónán: Agus cathain a fhógrófar na torthaí?

Deirdre: Fógrófar na torthaí i mí Feabhra. Má éiríonn linn, seinnfimid i gceolchoirm mhór sa Cheoláras Náisiúnta i mí an Mhárta. Nach mbeadh sin ar fheabhas?

Rónán: Bheadh, go cinnte. Bhí mé ann cúpla uair – tá an Ceoláras go hálainn. Bhuel, go n-éirí go geal libh. Coinnigh ar an eolas mé.

Deirdre: Déanfaidh mé sin, go deimhin. Slán!